

Preaseisiúint ó FRA

Vín, an 16 Samhain 2018

4 phríomhghné le haghaidh chuimsiú rathúil na Romach

Níl aon réiteach amháin ann chomh fada is a bhaineann le cuimsiú áitiúil ach d'fhéadfadh ceithre phríomhghné bonn láidir a chur faoi na hiarrachtaí, sin a bhfuil luaite sa tuarascáil is déanaí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

“Tá na Romaigh ag déileáil le hidirdhealú ar bhonn leanúnach, agus le himeallú, agus níl an tsochaí ag tabhairt aon aird orthu,” a deir Stiúrthóir FRA [Michael O’Flaherty](#). “Chun deireadh a chur le timthriall na bochtaineachta atá ag eascirt as an eisiámh sin, ní mór go mbeadh na Romaigh páirteach agus gníomhach go hiomlán in aon iarrachtaí lánpháirtithe atá dírithe orthu.”

Baineann an tuarascáil [Ag Obair leis na Romaigh: Rannpháirtíocht agus cumhachtú na bpobal áitiúil](#) leas as ceachtanna a foghlaimíodh ó rannpháirtíocht na Romach i ngníomhaíochtaí lánpháirtithe áitiúla in [21 áit ar fud 11 Bhallstát](#). I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh san áireamh tá tithíocht áitiúil, oideachas agus fostaíocht.

I ndiaidh na ngníomhaíochtaí ar fad a chur san áireamh, tagann ceithre phríomhfachtóir ratha chun solais:

1. **Rannpháirtíocht:** Ba cheart go mbeadh ról gníomhach ag na Romaigh i dtionscadail agus i mbeartais ó thús go deireadh. Áirítear anseo teacht ar chomhaontú maidir le spriocanna agus torthaí sonracha, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine, cosúil le tithíocht, oideachas, agus poist oiriúnacha. Ba cheart go mbeadh ról dáiríre acu freisin sa phróiseas cinnteoireachta agus san athrú is mian leo a bhaint amach.
2. **Iontaobh:** De bhrí gur cúis frustrachais do phobal na Romach agus d’údarais áitiúla iarrachtaí leanúnacha nach mbíonn ach beagán dul chun cinn mar thoradh leo, baineann fíorthábhacht le hiontaobh a bhunú. Nuair a bhíonn gníomhaíochtaí nua á bpleanáil, atá ag díriú ar thionscadail ar éirigh leo roimhe sin agus ar údarais áitiúla iontaofa, cabhraíonn baill agus líonraí poiblí atá toilteanach cabhair a thabhairt leis an rath a bhíonn ar an obair freisin.
3. **Cumarsáid:** Is féidir le cumarsáid shoiléir, inrochtana agus spriocdhírthe faoi aidhmeanna, cad is brí le rannpháirtíocht, chomh maith le buiséid tionscadail agus cé acu an bhfuil rannpháirtíocht deonach nó íoctha, a bheith mar bhonn le tuiscint cheart a chruthú agus dlús a chur faoi iarrachtaí cuimsithe. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé chun ionchais a bhainistiú. Ina theannta sin, trí am a chur i leataobh chun tacú le daoine a bheith gníomhach agus a dtuairimí a roinnt, is féidir bonn a chur faoi ghealltanais níos inbhuanaithe.
4. **Caidreamh pobail:** Tá sé tábhachtach eolas a chur ar na cineálacha éagsúla caidrimh atá laistigh de phobail áitiúla nuair a bhíonn tionscadail á bpleanáil. Cinntíonn sé sin go bhfuil daoine a bhíonn in ann an tionscadal a chur chun cinn go hiomlán ar bord. Cabhraíonn sé chun aghaidh a thabhairt ar leasanna atá á roinnt ag Romaigh agus ag neamh-Romaigh araon, amhail tithíocht nó fostaíocht. Trí dheis a thabhairt do gach taobh a bheith páirteach i gcomhphlé le húdarais áitiúla is féidir an seans go mbeidh rath ar an obair a fheabhsú freisin.

Tá ceachtanna san áireamh sa tuarascáil seo freisin ar féidir iad a úsáid do thionscadail agus do bheartais a bheidh ann amach anseo. Áirítear orthu sin dóthain ama a thabhairt don cheithre phríomhghné oibriú agus iarrachtaí lánpháirtithe áitiúla a áireamh mar chuid

de thionscadail cuimsithe sóisialta níos leithne chun inbhuanaitheacht a áirithiú. Leagtar béim ann freisin ar an tábhacht a bhaineann le bheith solúbtha agus dul in oiriúint do riachtanais shonracha áitiúla nuair a bhíonn tionscadail á ndearadh agus á reáchtáil.

D'éascair an tuarascáil seo ó thaighde FRA ar na [bacainní ar infheistíocht rathúil i gcuimsiú na Romach agus ar na foinsí spreagtha ina leith sin](#). Bhí gá leis seo chun cur chun feidhme na mbeart a bhaineann le beartais náisiúnta agus Eorpacha le haghaidh chuimsiú na Romach a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu.

Le tuilleadh eolais a fháil, féach ar [na físeáin ó gach suíomh](#), nó téigh i dteagmháil le: media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642